**Nóta eolais i ndáil le Maoiniú Chlár Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe chun rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.**

Is tionscnamh de chuid Spóirt Eíre é Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (CSG) uid atá freagrach as rannpháirtíocht ag leibhéal áitiúil a mhéadú le béim ar leith ar ghrúpaí a bhfuil rátaí rannpháirtíochta ísle acu go traidisiúnta. Áirítear orthu sin **mná agus cailíní, daoine dífhostaithe, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine a thagann ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.**

Tá sé beartaithe ag CSG faoin scéim maoiniú seo, cabhrú le clubanna, pobail agus eagraíochtaí eile cláir ghníomhaíochta fisiciúla a chur ar fáil do dhaoine nach mbíonn páirteach iontu de ghnáth. Rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú is ea an prionsabal bonn taca GSP agus ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí chomhoibriú clubanna agus grúpaí sa phobal.

Ní mór d'iarratasóirí léiriú conas a dhíreoidh an clár na grúpaí díriú atá liostaithe thuas. Tá inbhuanaitheacht tábhachtach d'aon clár gníomhaíochta fisiciúla a bhfuil baint ag GSP leis. Ní mór d'iarratasóirí inbhuanaitheacht an chláir agus/nó inbhuanaitheacht na rannpháirtithe a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí nuair a bheidh an clár i gcrích a léiriú.

Ní mór go mbeadh leibhéal maith maoiniú meaitseála ag na cláir le go n-éireoidh leo. Is féidir le maoiniú meaitseála a bheith i bhfoirm airgid nó sochair i gcomaoin. Áirítear ar shamplaí de shochair i gcomaoin a) daoine ag tabhairt a gcuid ama saor in aisce chun an clár a chóitseáil/a mhúineadh b) áitreabh, páirceanna treallamh, nó saoráidí eile a sholáthar saor in aisce.

Is é an dáta deiridh do iarrataisí don deontas seo **4pm De Deardaoin 22ú lá Meitheamh 2017.**
Ní bhreithneofar iarratais a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.

Ní mór go mbeadh na cláir go léir a n-éiríonn leo maoiniú a fháil i gcrích roimh **1ú mí na Nollaig 2016.**
**Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le: Mick (091 509577) no Jason (091 536459) nó seol ríomhphost chuig galwayactive@galwaycoco.ie.**

## Miondealú ar Mhaoiniú

In 2017, roinnfear Maoiniú Chlár Rannpháirtíochta Spóirt na Gaillimhe de réir na sraitheanna seo a leanas:

### (a). Maoiniú Ginearálta an Chláir - €25,000. 00

Maoiniú é seo atá leagtha amach chun tacú le cláir gníomhaíochta coirp a chur ar fáil do dhaoine sa phobal, cláir a mbeidh béim ar leith acu ar Mhná & Mná Níos Óige, Daoine Fásta Níos Sine, Daoine atá Dífhostaithe agus Daoine ó Limistéir agus ó Chúlraí faoi Mhíbhuntáiste. Ní bhreithneofar maoiniú do chláir faoin tsraith seo ach cláir a mhairfidh 8 seachtaine ar a laghad a bheidh dírithe ar dhaoine aonair neamhrannpháirteacha, Sa chás go dteastaíonn trealamh chun cláir dá leithéid a reáchtáil, ní féidir leis an gcostas sin a bheith os cionn 25% de chostas iomláin an chláir agus ní ceadmhach an maoiniú sin a chaitheamh ar threalamh pearsanta.

### (b). Maoiniú d'Fhorbairt Cumann - €5000 00

Maoiniú é seo atá leagtha amach chun cuidiú le cumainn nua a bhunú nó cumainn nach bhfuil bunaithe ach le 12 mí. Is chun tacaíocht a thabhairt do chóitseáil, costais oideachais cóitseála, trealamh srl an maoiniú seo. Ní thabharfar maoiniú sa bhreis ar €600 d'aon iarratasóir san earnáil seo in aon iarratas amháin.

### (c). Maoiniú chun tacú le Clár Gníomhaíochta Coirp & Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas. - €5000 00.

Mar a thugann an t-ainm le fios, cuirfear an maoiniú seo ar fáil do chumainn/ghrúpaí/eagraíochtaí chun cuidiú leo deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas. Arís, ní bhreithneofar cláir do mhaoiniú faoin tsraith seo ach cláir a mhairfidh ar a laghad 8 seachtaine agus sa chás go bhfuil trealamh i gceist, ní rachaidh an costas thar 50% de chostas foriomlán an chláir.

**Tabhair do d'aire le do thoil.**

Sna cásanna ar fad a luaitear thuas, tá **inbhuanaitheacht** tábhachtach i gcás aon chlár gníomhaíochta coirp a bhfuil an GSP bainteach leis i dtaobh maoinithe nó eile. Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil inbhuanaitheacht ag baint leis an gclár agus/nó inbhuanaitheacht na rannpháirtithe sa chlár a léiriú ó bheidh an clár tugtha chun críche agus an maoiniú caite.

Déanfar machnamh go speisialta sa chás go dtagann dhá chumann/ghrúpa nó níos mó le chéile chun cláir gníomhaíochta coirp a eagrú nó a chur ar fáil a bheidh dírithe ar cheann de na spriocghrúpaí a luaitear.

**Critéir**

Tá Comphháirtíocht Spóirt na Gaillimhe ag obair chun rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn. Tá an ciste seo dírithe ar chláir a léiríonn go soiléir **a gcumas rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.**

**Ní mór d'iarratasóirí incháilithe:**

1 A bheith lonnaithe i limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

2 A bheith ag feidhmiú mar chlub/eagraíocht "neamhbhrabúis" atá oscailte do bhaill an phobail.

3 Gur club/eagraíocht iad a bhfuil bunreacht nó doiciméadacht chomhionann acu agus a airígh polasaithe agus cleachtais acu a spreagann rannpháirtíocht beag beann ar inscne, aois, cine nó cumas.

4 Í gcás club nua bheadh plean oibriúcháin inghlactha.

5 A bheith cláraithe le Comphháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (foirmeacha iarratais ar fáil ó GSP).

6. Sa chás go mbaineann an clár le leanaí (ie. Daoine suas le 18 mbliana d'aois), ní mór don chumann/ghrúpa feidhmiú de réir na ndea-chleachtas mar a bhaineann le leanaí i spórt - ní mór freastal a bheith déanta ag baill an chumainn/ghrúpa ar chúrsa Safeguarding 1 nó bunchúrsa feasachta comhionann (Cód Eitice agus Dea-chleachtais i Spórt do Leanaí).

7 Ní mór do chumann/ghrúpa Oifigeach Leanaí oilte a bheith acu agus polasaí cosanta Leanaí a bheith i bhfeidhm

8 Ní mór do chlubanna/eagraíochtaí clúdach árachais oiriúnach a bheith acu dá ngníomhaíochtaí agus do chláir ar bith is mian leo a reáchtáil, lena n-áirítear aon chlár a fhaigheann tacaíocht faoin scéim seo. Is é freagracht an chlub/na heagraíochta agus iadsan amháin é an t-árachas.

9 Léiriú conas a dhéanfadh iarratas rathúil rannpháirtíocht **inbhuanaithe i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.**

**10** Díríú ar ghrúpaí ag deanamh iarratas ar an maoiniú seo, fhócas go mór mhór ar ceann amháin nó níos mó na spriocghrúpa Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe; - mná & cailíní, daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas, daoine dífhostaithe agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste ainmnithe.

**Iarratais neamh incháilithe:**

1 Ní bhreithneofar éadaí mar chultacha spóirt, éadaí a chaitear i gcomhair traenála nó éadaí a chaitear i gcomhair cluichí.

2 Ní dhéanfar maoiniú caipitil faoin deontas seo (tionscadail tógála/athchóirithe).

3 Ní bhreithneofar costais reatha club.

4 Níl costais oibríochta bhliantúla mar árachas, clárú, táillí cleamhnachta, cíos ar ionad incháilithe. (Tá cíos ar ionad/trealamh atá go sonrach le haghaidh clár incháilithe).

5 Ní bhreithneofar iontráil ar chomórtais nó eagrú comórtais.

6 Ní bhreithneofar turais thar lear d'fhoirne/eagraíochtaí nó óstáil den chéann

7 Ní bhreithneofar cúrsaí cóitseála lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

8 Ní féidir airgead deontais a úsáid do thuarastal nó do chostas fostaíochta daoine aonair (tá costais teagascóra do chlár incháilithe ach tá sin an-éagsúil ó chostais foirne/fostaíochta).

**9** D'fhéadfaí nach mbreithneofaí cláir atá incháilithe do mhaoiniú faoi scéimeanna eile.

**10**

**Cé atá neamh-incháilithe chun iarratas a dhéanamh?**

1 Grúpaí brabúis/eagraíochtaí tráchtála.

2 Gníomhaireachtaí reachtúla.

**Cé mhéad maoinithe atá ar fáil in aghaidh gach cumainn/eagraíochta/cláir?**

Is **€2000** an t-uasmhéid deontais a bheidh ar fáil d'aon chumann/eagraíocht/chlár faoi **Mhaoiniú Ginearálta an Chláir**

Is **€600** an t-uasmhéid deontais a bheidh ar fáil d'aon chumann/ghrúpa/eagraíocht faoin Maoiniú d'Fhorbairt Cumann

Is **€1,000** an t-uasmhéid deontais a bheidh ar fáil d'aon chumann/ghrúpa/eagraíocht faoi **Maoiniú chun Tacú le Cláir Gníomhaíochta Coirp & Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchuma**

**Ní bhreithneofar ach iarratas amháin in aghaidh an ghrúpa**

**Nóta:**

- Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt ar aird nach mór do clubanna/eagraíochtaí rathúla aitheantas a thabhairt do Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe i ngach píosa poiblíochta a dhéanann siad agus nach mór dóibh cloí le haon iarratas réasúnta a bhaineann le poiblíocht ó Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe.
- Ceanglaítear ar chlubanna/eagraíochtaí arna maoiniú faoin scéim seo tuairisc meastóireacht cuimsitheach a chur isteach (lena n-áirítear grianghraif) faoi an chlár/gniomhachtaí, chuig Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe ag deireach an chláir.
- Ceanglaítear ar chlubanna/eagraíochtaí arna maoiniú faoin scéim seo fianaise dhoiciméadach a chur isteach maidir leis an gcaoi ar caitheadh an maoiniú, mar shampla admháil/sonraisc.
- Ní mór an t-airgead a leithdháiltear do chlár a chaitheamh ar an gclár sonrach laistigh de na téarmaí sonraithe. Ní mór aon athrú ar chlár faoi thacaíocht mar a luaitear san iarratas rathúil a chomhaontú le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe sula gcuirtear tús leis an gclár.
- Ceanglófar ar chlubanna agus grúpaí nach seachadann an clár faoi thacaíocht Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe an t-airgead ar fad a leithdháileadh dóibh faoin scéim seo a thabhairt ar ais.
- Má theiptear an t-airgead nach gcaitear ar an gclár beartaithe a thabhairt ar ais d'fhéadfaí an club nó eagraíocht a dhícháiliú ó rochtain a fháil ar mhaoiniú agus tacaíocht sa todhchaí.
- Ní mór go mbeadh na cláir go léir i gcrích roimh **1ú mí na Nollaig 2017.**
- Beidh maoiniú bunaithe ar fhiúntas an iarratais.

## Nóta Eolais 1:

Is féidir **Sochar Comhchineáil** a chuirtear ar fáil gan chomaoin a ríomh ar an mbonn seo a leanas-

- Áitribh/Saoráid a fháil ar cíos @ €25 san uair.
- Costas Teagaisc @ €15 san uair.
- Costais trealaimh - tabhair meastachán maidir leis an méid a chosnódh sé a leithéid de threalamh a fháil ar cíos más ga?
- Obair dheonach @ €15 san uair

## Nóta Eolais 2:

Mínigh na costais atá i gceist agus lena mbaineann siad.

Ba chóir iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig:
**Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, An tAonad Forbartha Pobail, Fiontair & Eacnamaíochta,**
**Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh.**

# Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe

# Maoiniú Chlár

# 2017

# FOIRM IARRATAS

SPÓRT ÉIREANN

**FOIRM IARRATAS**

**MAOINIÚ CHLÁR CHUN RANNPHÁIRTÍOCHT**

**Í GNÍOMHAÍOCHT FHISICIÚIL A MHÉADÚ Í NGAILLIMH**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Chlub/an Ghrúpa** | | | |
| **Duine Teagmhála** | | **Teil** | |
| **Ríomhphost** | | **Fón Póca** | |
| **Seoladh Teagmhála** | | | |
| | | | |
| | | | |
| **Spórt/Gníomhaíocht** | | | |

| | |
|---|---|
| **Ainm Oifigeach Leanaí (má bhanann sé)** | **Uimhir Deimhniú** |

**An Cineál Maoiniú á lorg san iarratas ( cur tic sa bhosca cuí )**

**Maoiniú Ginearálta an Chláir** ☐ **Maoiniú d'Fhorbairt Cumann** ☐

**Maoiniú chun Tacú le Clár Gníomhaíochta Coirp & Spóirt do Dhaoine faoi Míchumas.** ☐

**An bfhuil an club/grupa í limistéar CLÁR?** **Tá** ☐ **Níl** ☐

| | |
|---|---|
| **Ainm an Chlár** | |

SPÓRT ÉIREANN
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÁITIÚLA SPÓIRT

| Cad é Aidhim an Chlár? |
| --- |
| |

| Cé bfhead rannpháirtí nua a bfheith spriocdhírithe ag an chlár | |
| --- | --- |

| Dein cur síos ar an Chlár |
| --- |
| |

| Cén cui a éiríonn leis an chlár rannphairtíocht í spóirt/gníomhachtaí fisiciúl a mheadú? |
| --- |
| |

| Leag amach le do thoil cá as a dtiocfaidh cion do ghrúpa/do chumainn de chostais an chláir? |
| --- |
| |

| Cén chaoi a measfaidh tú chomh héifeachtach is atá do chlár? |
| --- |
| |

| Tabhair cuntas gearr thíos ar chostas an chláir (Sochar Comhchineáil san áireamh) |
|---|

| Sochar Comhchineáil (Feach ar Nota Eolais 1) | Méid |
|---|---|
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| **Airgeadais (Feach ar Nóta Eolais 2)** | **Méid** |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |

| Costas Iomlám an Chlár | € |
|---|---|

| An Méid átá á Lorg | € |
|---|---|

| Déan cur síos ar mar a choinneofar an Clár ag imeacht nuair a bheidh an maoiniú caite |
| --- |
| |

**Dearbhaím ____________________________(Ainm) ___________________________(poist sa chlub/grúpa), ar son __________________________________________(club/grúpa), go bfhuil an eolas go léir san iarratas seo ceart. Dearbhaím freisin gur leigh mé agus go glacann mé le tearmaí agus cionníollacha and deontas seo.**

**Siniú: ____________________________________** **Dáta: __________________**